Turas i dTír na nÓg

Tá cóisir le bheith ag Luaithríona. D'iarr sí ar Bee-Bot na cuirí uile chuig a cóisir a sheachadadh ar na carachtair i dTír na nÓg.

Caithfidh Bee-Bot na cuirí uile a bhailiú ó theach Luaithríona, an caisleán.

Cuid 1

Tosaigh an Bee-Bot ag caisleán Luaithríona.

Déan machnamh ar an dóigh a mbogfá an Bee-Bot ó phointe amháin go pointe eile.

Anois, tabhair air bogadh ó chaisleán Luaithríona go teach eile ar an mhata.

Cinntigh nach dtiteann Bee-Bot isteach san abhainn.

Inis do do mhúinteoir cad é atá déanta agat agus an dóigh a ndearna tú é.

Turas i dTír na nÓg

Cuid 2

Pleanáil an turas do Bee-Bot agus é ag seachadadh na litreacha ar na tithe ar mhata an Fhinscéil. Cuimhnigh go mb'fhéidir go mbeadh ort Bee-Bot a bhogadh i dtreonna éagsúla.

Cinntigh nach dtiteann Bee-Bot isteach san abhainn!

Taifead na treoracha céim ar chéim do do thuras ar leathanach nó ar chlár bán.

Labhair le do chairde faoi na treoracha don turas agus féach an bhfuil athruithe ar bith de dhíth nó an bhfuil dóigh ar bith ann le feabhas a chur air.

Ríomhchláraigh Bee-Bot le do threoracha agus triail na horduithe go bhfeicfidh tú an mbainfidh Bee-Bot na tithe cearta amach.